2023/2683

1.12.2023

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2683 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Samhain 2023

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ríomh, fíorú agus tuairisciú sonraí faoi ábhar plaisteach athchúrsáilte i mbuidéil deochanna phlaisteacha aon úsáide

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(5), an dara fomhír, agus Airteagal 13(4), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2019/904 leagtar síos spriocanna maidir leis an íosmhéid ábhair phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil deochanna phlaisteacha aon úsáide a liostaítear i gCuid F den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin, lena n-áirítear buidéil PET. De bhun Threoir (AE) 2019/904, is é an sprioc le haghaidh 2025 go mbeidh 25 % ar a laghad de phlaisteach athchúrsáilte i mbuidéil PET, é sin á ríomh mar mheán le haghaidh na mbuidéal PET ar fad a chuirtear ar an margadh ar chríoch an Bhallstáit, agus is é an sprioc le haghaidh 2030 go mbeidh 30 % ar a laghad de phlaisteach athchúrsáilte i mbuidéil deochanna, é sin á ríomh mar mheán le haghaidh na mbuidéal deochanna ar fad a chuirtear ar an margadh ar chríoch an Bhallstáit. Leagfaidh an Coimisiún síos an mhodheolaíocht chun na spriocanna sin maidir le hábhar plaisteach athchúrsáilte a ríomh agus a fhíorú agus an fhormáid ina ndéanfaidh na Ballstáit sonraí a thuairisciú maidir le hábhar plaisteach athchúrsáilte i mbuidéil PET agus i mbuidéil deochanna gach bliain.

(2) Chun spriocanna maidir le hábhar plaisteach athchúrsáilte i mbuidéil deochanna phlaisteacha aon úsáide a ríomh agus a fhíorú, ba cheart lipéid agus clúdaigh a mheas mar chodanna de bhuidéil deochanna. Ar an gcéad dul síos, is éard atá i mbuidéal deochanna, san fhormáid ina ndíoltar é go coitianta le tomhaltóirí, a chorp, a chaipín, a chlár, agus lipéad nó clúdach. Úsáidtear lipéid agus clúdaigh chun faisnéis a chur in iúl do thomhaltóirí, é san áireamh chun críocha brandála agus fógraíochta. Cé gur minic a chuirtear clúdach 360 céim ar fáil le clúdaigh timpeall ar an buidéal, le lipéid eile is minic nach gclúdaítear ach cuid níos lú den bhuidéal. Ar an dara dul síos, is minic a bhíonn lipéid agus clúdaigh ceangailte leis an mbuidéal ag an gcéim táirgthe chéanna le caipíní agus cláir. Dá bhrí sin, ba cheart meáchan na lipéad agus na gclúdach a áireamh i meáchan na mbuidéal deochanna, agus ba cheart aon phlaisteach athchúrsáilte atá ar lipéid agus clúdaigh a áireamh i meáchan an phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil deochanna. Sonraítear i gCuid F den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir (AE) 2019/904 go n-áirítear caipíní agus cláir i mbuidéil deochanna. I gcodarsnacht le caipíní agus cláir, ní minic a chaitear lipéid agus clúdaigh ar leithligh ó chorp an bhuidéil mar bhruscar, rud a mhíníonn an chúis nach luaitear go sainráite iad mar chuid den bhuidéal i dTreoir (AE) 2019/904.

(3) Tugtar na spriocanna maidir leis an íosmhéid ábhair phlaistigh athchúrsáilte a leagtar síos i dTreoir (AE) 2019/904 mar chéatadán de bhuidéil PET agus de na buidéil deochanna ar fad a chuirtear ar mhargaí na mBallstát. Ós rud é gurb é cuspóir na spriocanna, de bhun aithris 17 den Treoir sin, glacadh an phlaistigh athchúrsáilte sa mhargadh a chur chun cinn, agus é de phríomhaidhm ag an Treoir sin úsáid chiorclach plaisteach a áirithiú, is iomchuí gan ach codanna plaisteacha na mbuidéal deochanna a chur san áireamh agus na rialacha á leagan amach maidir leis an ábhar plaisteach athchúrsáilte a ríomh agus a fhíorú. Meastar gurb é an t-aon chuid de ghnáth-bhuidéal deochanna plaisteach aon úsáide a d'fhéadfadh sé nach mbeadh sí déanta as plaisteach an lipéad, cuid a d'fhéadfadh a bheith déanta as páipéar. Ós rud é go meastar gurb é meáchan an lipéid 5 % ar a mhéad de mheáchan an bhuidéil, níl aon tionchar mór ag eisiamh na gcodanna neamhphlaisteacha de na buidéil deochanna ón ríomh ar an measúnú i dtaobh bhaineadh amach na spriocanna.

([1]) IO L 155, 12.6.2019, lch. 1.

(4) Chun ábhar plaisteach athchúrsáilte i mbuidéil deochanna a ríomh agus a fhíorú agus chun tuairisciú air, ba cheart an téarma 'plaisteach athchúrsáilte' a shainmhíniú. Níor cheart a áireamh le plaisteach athchúrsáilte ach ábhar arbh dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais é sula ndearnadh athchúrsáil air toisc go bhfuil dreasachtaí leordhóthanacha margaidh ann cheana féin chun dramhaíl phlaisteach réamhthomhaltais a athchúrsáil. Thairis sin, is é is aidhm do Threoir (AE) 2019/904 an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol a laghdú agus de ghnáth ní sceitear dramhaíl phlaisteach réamhthomhaltais sa chomhshaol. Ní mór dramhaíl phlaisteach iarthomhaltais a léirmhíniú mar dhramhaíl a ghintear ó tháirgí plaisteacha a cuireadh ar an margadh. Ba cheart a mheas, dá bhrí sin, gur dramhaíl phlaisteach iarthomhaltais í dramhaíl phlaisteach a eascraíonn as pacáistíocht phlaisteach táirgí a cuireadh ar an margadh ach a raibh a ndáta éaga thart sular díoladh le tomhaltóirí í. Dá bhrí sin, níor cheart ábhair phlaisteacha agus dramhaíl phlaisteach a ghintear le linn próisis táirgthe nó mhonaraíochta, lena n-áirítear gach próiseáil thánaisteach, tástáil, stóráil agus aistrithe sula gcuirtear an táirge ar an margadh a mheas mar dhramhaíl iarthomhaltais.

(5) De bhun Threoir (AE) 2019/904, ní mór do na Ballstáit faisnéis maidir le hábhar plaisteach athchúrsáilte i mbuidéil PET agus sna buidéil deochanna ar fad a thuairisciú don Choimisiún chun a léiriú gur baineadh amach na spriocanna maidir le hábhar plaisteach athchúrsáilte. Cé go dtagraítear do mhéid an ábhair athchúrsáilte le hábhar athchúrsáilte, sloinntear na spriocanna mar chéatadáin, is é sin le rá, mar chion an phlaistigh athchúrsáilte sna buidéil deochanna agus sna buidéil PET. Chun a léiriú gur baineadh amach na spriocanna, ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar na Ballstáit ní hamháin suim mheáchan an ábhair phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil deochanna agus i mbuidéil PET a thuairisciú, ach freisin suim mheáchan chodanna plaisteacha na mbuidéal féin a thuairisciú ionas gur féidir cion an ábhair phlaistigh athchúrsáilte a ríomh.

(6) Le Rialachán (AE) 2022/1616 ón gCoimisiún ([2]), bunaítear slabhra tuairiscithe ar feadh céimeanna monaraíochta comhleanúnacha lena n-áirítear tuairisciú ar chéatadán an phlaistigh athchúrsáilte i ngach baisc ábhair ina bhfuil plaisteach athchúrsáilte agus atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bianna. Leis an slabhra tuairiscithe sin, cuirtear d'oibleagáid ar oibreoirí eacnamaíocha a oibríonn ag luathchéimeanna an tslabhra monaraíochta, mar atá athchúrsálaithe agus tiontairí, dearbhú comhlíontachta a sholáthar. Ní cheanglaítear ar thiontairí nach gcuireann na buidéil deochanna ar an margadh, ná ar athchúrsálaithe, meáchan plaisteach athchúrsáilte sna buidéil sin a ríomh. Tá an dearbhú comhlíontachta le tabhairt do na hoibreoirí eacnamaíocha ag céimeanna is déanaí den slabhra monaraíochta, lena n-áirítear na hoibreoirí eacnamaíocha a chuireann na buidéil deochanna ar an margadh. Leis na hoibleagáidí maidir le tuairisciú faoi Rialachán (AE) 2022/1616 cumhdaítear na codanna plaisteacha uile ina bhfuil ábhar athchúrsáilte buidéal deochanna a thagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2019/904. Dá bhrí sin, na hoibreoirí eacnamaíocha a chuireann buidéil deochanna ar an margadh, is féidir leo meáchan an phlaistigh athchúrsáilte sna buidéil sin a ríomh ar bhonn an chéatadáin den ábhar plaisteach athchúrsáilte a léirítear sa dearbhú comhlíontachta maidir le gach cuid de na buidéil. Ós rud é gurb é cuspóir an Chinnidh seo ríomh agus fíorú aonfhoirmeach na spriocanna maidir le hábhar athchúrsáilte a bhunaítear le Treoir (AE) 2019/904 a chumasú, ní mór an ríomh a dhéanamh ar bhealach comhsheasmhach ar fud na mBallstát. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit ríomh an ábhair phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil deochanna a bhunú ar na sonraí a ghintear i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/1616. Thairis sin, leis an modheolaíocht sin íoslaghdaítear an t-ualach riaracháin ar na hoibreoirí eacnamaíocha agus ar na Ballstáit. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit sonraí a bhailiú ó na hoibreoirí eacnamaíocha a chuireann buidéil deochanna ar a margadh maidir le meáchan chodanna plaisteacha na mbuidéal sin agus maidir le meáchan an phlaistigh athchúrsáilte atá iontu.

(7) Tá difríocht idir na sainmhínithe ar 'phlaisteach' dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2022/1616 agus i dTreoir (AE) 2019/904 toisc go dtagraíonn siad do shainmhínithe éagsúla ar 'pholaiméir'; tá an chéad cheann bunaithe ar an gcaoi a ndearnadh an t-ábhar a mhonarú agus an dara ceann bunaithe ar na hairíonna struchtúracha atá aige. Thairis sin, ní áirítear polaiméirí nádúrtha nár modhnaíodh go ceimiceach sa sainmhíniú ar 'phlaisteach' i dTreoir (AE) 2019/904. Mar sin féin, níl na difríochtaí sin ábhartha maidir leis na buidéil deochanna atá faoi raon feidhme Threoir (AE) 2019/904. Tá difríocht idir an sainmhíniú ar 'phlaisteach athchúrsáilte' i Rialachán (AE) 2022/1616 agus an sainmhíniú a thugtar isteach leis an gCinneadh seo sa mhéid go bhféadfadh ógphlaisteach a cuireadh leis sa phróiseas dí-éillithe a bheith ann go teoiriciúil. Dá gcuirfí aon óghábhar leis, áfach, léireofaí é sin san fhaisnéis a sholáthraíonn athchúrsálaithe agus d'aistreofaí anuas sa slabhra luacha é. Ní áireofar é san ábhar plaisteach athchúrsáilte mar a shainmhínítear sa Chinneadh seo. Dá bhrí sin, níl na difríochtaí sna sainmhínithe ar 'phlaisteach' agus ar 'phlaisteach athchúrsáilte' ábhartha chun críocha an Chinnidh seo.

([2]) Rialachán (AE) 2022/1616 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2022 maidir le hábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus earraí plaisteacha athchúrsáilte atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bianna agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 282/2008 (IO L 243, 20.9.2022, lch. 3).

(8) Ós rud é gur ábhair atá beartaithe le teacht i dteagmháil le bia iad na codanna ar fad de bhuidéil deochanna, tá feidhm ag Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) maidir le buidéil deochanna, lena n-áirítear rialuithe oifigiúla ar chéatadán an phlaistigh athchúrsáilte nach mór d'athchúrsálaithe agus do thiontairí a sholáthar sa dearbhú comhlíontachta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/1616. Dá bhrí sin, níor cheart a cheangal ar na Ballstáit forálacha fíorúcháin breise a thabhairt isteach ach i ndáil le tarchur faisnéise chuig na Ballstáit a dhéanann na hoibreoirí eacnamaíocha sin a chuireann buidéil deochanna ar an margadh, agus iad siúd amháin, mar a cheanglaítear leis an gCinneadh seo.

(9) Tá plaisteach athchúrsáilte i mbuidéil deochanna faoi réir Rialachán (AE) 2022/1616, nó faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún ([4]), ag brath ar an teicneolaíocht athchúrsála trína bhfaightear é. Faoi Rialachán (AE) 2022/1616, is é athchúrsáil mheicniúil dramhaíola PET iarthomhaltais an t-aon teicneolaíocht athchúrsála oiriúnach is féidir a úsáid faoi láthair chun plaisteach athchúrsáilte a fháil le haghaidh buidéil deochanna. Plaisteach a eascraíonn as teicneolaíochtaí athchúrsála ceimiceán lena mbristear síos an dramhaíl ionchuir ina substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, agus a úsáidtear ina dhiaidh sin i monarú plaistigh nua i gcomhréir leis an Rialachán sin, ní féidir é a idirdhealú ón óghábhar. Dá bhrí sin, faoi láthair ní léiríonn doiciméadacht maidir le comhlíonadh a eisítear i gcomhréir leis an Rialachán sin méid an ábhair athchúrsáilte atá ann. Leis an gCinneadh seo, ní chuirtear san áireamh ach plaisteach athchúrsáilte atá i mbuidéil deochanna atá faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2022/1616.

(10) Chun plaisteach athchúrsáilte i mbuidéil deochanna nach bhfuarthas trí athchúrsáil mheicniúil dramhaíola PET a chur san áireamh freisin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leasú ar an gCinneadh sin a dhréachtú d'fhonn modheolaíocht a chur san áireamh chun cion an phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil deochanna a ríomh, a fhíorú agus a thuairisciú bunaithe ar chur i bhfeidhm samhlacha líne cúraim áirithe mar a shainmhínítear in ISO 22095-2020 (Líne chúraim – Téarmaíocht ghinearálta agus samhlacha). Go sonrach, is samhail líne cúraim fhéideartha é an cumasc rialaithe, lenar féidir PET a ndearnadh athchúrsáil neamh-mheicniúil air a chur san áireamh freisin. Ina theannta sin, féadfar cur chuige maischothromaíochta a áireamh mar shamhail líne cúraim inghlactha chun plaisteach i mbuidéil nach buidéil PET iad a eascraíonn as athchúrsáil bunábhair a chur san áireamh freisin.

(11) Tá dlúthnasc idir na rialacha maidir le ríomh agus fíorú na spriocanna i ndáil le hábhar plaisteach athchúrsáilte agus an fhormáid chun sonraí agus faisnéis faoi ábhar plaisteach athchúrsáilte a thuairisciú toisc go dtagraítear leo don phlaisteach athchúrsáilte céanna sna buidéil chéanna. Chun comhleanúnachas a áirithiú, ba cheart na rialacha maidir leis na spriocanna ábhair a ríomh agus a fhíorú, agus an fhormáid chun sonraí agus faisnéis a thuairisciú a leagan síos in aon ghníomh dlí amháin.

(12) San fhormáid chun sonraí agus faisnéis a thuairisciú cuirtear san áireamh na modhanna tomhais agus na formáidí tuairiscithe le haghaidh pacáistíochta agus dramhaíl ó phacáistíocht a leagtar amach i gCinneadh 2005/270/CE ón gCoimisiún ([5]), atá bunaithe ar mheáchan agus ar ábhar freisin.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bunú de bhun Airteagal 39 de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]),

([3]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2011 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia (IO L 12, 15.1.2011, lch. 1).

([5]) Cinneadh 2005/270/CE ón gCoimisiún an 22 Márta 2005 lena mbunaítear na formáidí a bhaineann leis an gcóras bunachair sonraí de bhun Threoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (IO L 86, 5.4.2005, lch. 6).

([6]) Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'dramhaíl phlaisteach iarthomhaltais' dramhaíl, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Threoir 2008/98/CE, ar plaisteach í agus a ghintear ó tháirgí plaisteacha a cuireadh ar an margadh;

(2) ciallaíonn 'plaisteach athchúrsáilte' plaisteach arbh dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais é sula ndearnadh athchúrsáil air mar a shainmhínítear in Airteagal 3(17) de Threoir 2008/98/CE agus a táirgeadh trí athchúrsáil;

(3) ciallaíonn 'buidéal deochanna' buidéal deochanna plaisteach aon úsáide ag a bhfuil toilleadh nach mó ná trí lítear, lena n-áirítear a chaipín, a chlár, a lipéad agus a chlúdach, más ann do lipéad nó do chlúdach, gan na nithe seo a leanas a áireamh:

— na buidéil deochanna de ghloine agus de mhiotal agus sin a bhfuil na caipíní agus na cláir acu déanta as plaistigh;

— buidéil deochanna atá ceaptha agus a úsáidtear le haghaidh bia chun críoch speisialta míochaine, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2), pointe (g) de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) agus atá i bhfoirm leachtach;

(4) Ciallaíonn 'buidéal PET' buidéal deochanna a mhonaraítear as teireataláit phoileitiléine agus í ina príomh-chomhpháirt de;

(5) ciallaíonn 'oibreoir eacnamaíoch' aon cheann de na hoibreoirí seo a leanas ar choinníoll go gcuireann siad buidéil deochanna ar an margadh:

— tiontaire mar a shainmhínítear in Airteagal 2(3), pointe (17), de Rialachán (AE) 2022/1616;

— oibreoir gnó bia mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]).

Airteagal 2

An mhodheolaíocht chun cion an ábhair phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil deochanna a ríomh

1. Déanfar cion an ábhair phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil deochanna a ríomh trí mheáchan an phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil deochanna a chuirtear ar an margadh a roinnt ar mheáchan chodanna plaisteacha na mbuidéal deochanna a chuirtear ar an margadh. Is ina chéatadán a shloinnfear an cóimheas a gheofar leis an ríomh sin.

2. Déanfar cion an ábhair phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil PET a ríomh trí mheáchan an phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil PET a chuirtear ar an margadh a roinnt ar mheáchan chodanna plaisteacha na mbuidéal PET a chuirtear ar an margadh. Is ina chéatadán a shloinnfear an cóimheas a gheofar leis an ríomh sin.

3. Úsáidfear foirmlí Iarscríbhinn I chun cion an ábhair phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil deochanna agus i mbuidéil PET a ríomh.

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le bia ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún, Treoir 1999/21/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 ón gCoimisiún agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún agus ón gComhairle (IO L 181, 29.6.2013, lch. 35).

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

Airteagal 3

An mhodheolaíocht chun meáchan chodanna plaisteacha na mbuidéal deochanna a chinneadh

1. Déanfar meáchan chodanna plaisteacha na mbuidéal deochanna a chuirtear ar an margadh a ríomh mar shuim mheáchan chodanna plaisteacha na mbuidéal deochanna arna mbailiú ó oibreoirí eacnamaíocha.

2. Féadfar meáchan na b codanna plaisteacha de bhuidéil deochanna a chuirtear ar an margadh a choigeartú chun allmhairí, onnmhairí nó aistrithe buidéal deochanna chuig Ballstáit eile agus uathu a chur san áireamh trí fhoirmle 5 d'Iarscríbhinn I a chur i bhfeidhm.

Airteagal 4

An mhodheolaíocht chun meáchan an phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéal deochanna a chinneadh

1. Déanfar meáchan an ábhair phlaistigh de na buidéil deochanna a chuirtear ar an margadh a ríomh mar shuim mheáchan an ábhair phlaistigh i mbuidéil deochanna arna mbailiú ó oibreoirí eacnamaíocha.

2. Má dhéantar meáchan chodanna plaisteacha na mbuidéal deochanna a chuirtear ar an margadh a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 3(2), déanfar meáchan an phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil deochanna a choigeartú freisin chun allmhairí, onnmhairí nó aistrithe buidéal deochanna chuig Ballstáit eile agus uathu a chur san áireamh trí fhoirmle 4 d'Iarscríbhinn I a chur i bhfeidhm.

Airteagal 5

Oibleagáid maidir le sonraí a bhailiú ó oibreoirí eacnamaíocha agus sonraí a fhíorú

1. Baileoidh na Ballstáit sonraí ó oibreoirí eacnamaíocha maidir le meáchan na gcodanna plaisteacha de bhuidéil deochanna a chuirtear ar an margadh agus maidir le meáchan an phlaistigh athchúrsáilte sna buidéil sin.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh oibreoirí eacnamaíocha na sonraí a bailíodh maidir le meáchan an phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil deochanna a ríomh tríd an gcéatadán d'ábhar plaisteach athchúrsáilte i gcás gach coda de gach buidéal a iolrú faoi mheáchan an bhuidéil agus na torthaí a shuimiú.

3. Is é a bheidh sa chéatadán den ábhar athchúrsáilte i gcuid de bhuidéal an céatadán a luaitear sa dearbhú comhlíontachta i réimse 2.1.4 de chuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/1616.

4. Seiceálfaidh na Ballstáit na sonraí arna dtuairisciú ag na hoibreoirí eacnamaíocha bunaithe ar iontaofacht mheasúnaithe na sonraí.

Airteagal 6

Bailiú agus tuairisciú sonraí a dhéanfaidh na Ballstáit

1. Gach bliain ríomhfaidh na Ballstáit meáchan na gcodanna plaisteacha de bhuidéil deochanna a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 3, meáchan an phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil deochanna a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 4 agus cion an ábhair phlaistigh athchúrsáilte atá fágtha i mbuidéil deochanna a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 2.

2. Is san fhormáid a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo a thuairisceoidh na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear i mír 1 agus is san fhormáid a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo a chuirfidh na Ballstáit isteach an tuarascáil seiceála cáilíochta dá bhforáiltear in Airteagal 13(2) de Threoir (AE) 2019/904 a mhéid a bhaineann leis na sonraí sin.

Airteagal 7

Cineálacha breise athchúrsála

Faoin 31 Márta 2024, molfaidh an Coimisiún leasú ar an gCinneadh seo lena mbunaítear modheolaíocht chun an t-ábhar plaisteach athchúrsáilte i mbuidéil deochanna a ríomh, a fhíorú agus a thuairisciú lena ndéantar breithniú ar phlaisteach athchúrsáilte mar thoradh ar chineálacha breise athchúrsála mar a shainmhínítear in Airteagal 3(17) de Threoir 2008/98/CE.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Na foirmlí chun an cion den ábhar plaisteach athchúrsáilte i mbuidéil deochanna agus i mbuidéil PET a ríomh

Beidh feidhm ag na foirmlí san Iarscríbhinn seo maidir le buidéil deochanna agus buidéil PET araon.

Ciallóidh an téarma 'buidéal' 'buidéal deochanna' má chuirtear na foirmlí i bhfeidhm maidir le buidéil deochanna agus ciallóidh sé 'buidéal PET', má chuirtear i bhfeidhm maidir le buidéil PET iad.

Déanfar cion an ábhair phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil a chuirtear ar an margadh dá dtagraítear in Airteagal 2 a ríomh tríd an bhfoirmle seo a leanas a chur i bhfeidhm:

1. $RC = R/W \times 100\ \%$

I gcás:

ina gciallaíonn RC	cion an ábhair phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil a chuirtear ar an margadh dá dtagraítear in Airteagal 2
ina gciallaíonn R	meáchan an phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil a chuirtear ar an margadh dá dtagraítear in Airteagal 4
ina gciallaíonn R	meáchan an phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil a chuirtear ar an margadh dá dtagraítear in Airteagal 3

Ós rud é gurb éard atá i mbuidéal a chorp, a chaipín, a chlár, a lipéad agus a chlúdach, más ann do lipéad nó do chlúdach, déanfar meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil a ríomh tríd an bhfoirmle seo a leanas a chur i bhfeidhm:

2. $R = R_b + R_c + R_l$

I gcás:

ina gciallaíonn R_b	meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i gcoirp na mbuidéal a chuirtear ar an margadh
ina gciallaíonn R_c	meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i gcaipíní/cláir na mbuidéal a chuirtear ar an margadh
ina gciallaíonn R_l	meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i lipéid/clúdaigh na mbuidéal a chuirtear ar an margadh.

Ós rud é gurb éard atá i mbuidéal a chorp, a chaipín, a chlár, a lipéad agus a chlúdach, más ann do lipéad nó do chlúdach, déanfar meáchan an phlaistigh a úsáidtear i mbuidéil a ríomh tríd an bhfoirmle seo a leanas a chur i bhfeidhm:

3. $W = W_b + W_c + W_l$

I gcás:

ina gciallaíonn R_b	meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i gcoirp na mbuidéal a chuirtear ar an margadh
ina gciallaíonn R_c	meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i gcaipíní/cláir na mbuidéal a chuirtear ar an margadh
ina gciallaíonn R_l	meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i lipéid/clúdaigh na mbuidéal a chuirtear ar an margadh.

Má dhéanann Ballstát meáchan an phlaistigh a úsáidtear i mbuidéil deochanna agus a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 3(2) agus meáchan an phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil deochanna a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 4(2) a choigeartú chun allmhairí, onnmhairí nó aistrithe buidéal chuig Ballstáit eile agus uathu a chur san áireamh, úsáidfear na foirmlí seo a leanas:

4. $R = R_MS + R_in\ from\ other\ MS + R_imported - R_out\ to\ other\ MS - R_exported$

I gcás:

ina gciallaíonn R_MS	meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil a mhonaraítear agus a chuirtear ar an margadh sa Bhallstát céanna
ina gciallaíonn R_	in from other MS meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil a aistrítear isteach ó Bhallstáit eile agus a chuirtear ar an margadh sa Bhallstát
ina gciallaíonn R_	imported meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil a allmhairíodh, i.e. a aistríodh isteach san Aontas ó thríú tíortha, agus a chuirtear ar an margadh sa Bhallstát
ina gciallaíonn R_	out to other MS meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil a aistríodh amach go Ballstáit eile, tar éis dóibh a bheith curtha ar an margadh sa Bhallstát

ina gciallaíonn R_	exported meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil a onnmhairíodh, i.e. a aistríodh amach as an Aontas go tríú tíortha, tar éis dóibh a bheith curtha ar an margadh sa Bhallstát.

5. W = W_MS + W_in from other MS + W_imported – W_out to other MS – W_exported
I gcás:

ina gciallaíonn W_MS	meáchan an phlaistigh a úsáidtear i mbuidéil a mhonaraítear agus a chuirtear ar an margadh sa Bhallstát céanna
ina gciallaíonn W_	in from other MS meáchan an phlaistigh a úsáidtear i mbuidéil a aistrítear isteach ó Bhallstáit eile agus a chuirtear ar an margadh sa Bhallstát
ina gciallaíonn W_	imported meáchan an phlaistigh a úsáidtear i mbuidéil a allmhairíodh, i.e. a aistríodh isteach san Aontas ó thríú tíortha, agus a chuirtear ar an margadh sa Bhallstát
ina gciallaíonn W_	out to other MS meáchan an phlaistigh a úsáidtear i mbuidéil a aistríodh amach go Ballstáit eile, tar éis dóibh a bheith curtha ar an margadh sa Bhallstát
ina gciallaíonn W_	exported meáchan an phlaistigh a úsáidtear i mbuidéil a onnmhairíodh, i.e. a aistríodh amach as an Aontas go tríú tíortha, tar éis dóibh a bheith curtha ar an margadh sa Bhallstát

Ós rud é gurb éard atá i mbuidéal a chorp, a chaipín, a chlár, a lipéad agus a chlúdach, más ann do lipéad nó do chlúdach, déanfar na téarmaí sa suimiúchán i bhfoirmlí 4 agus 5 a ríomh trí na foirmlí seo a leanas a chur i bhfeidhm:

6. R_x = R_x_b + R_x_c + R_x_l
I gcás:

ina bhfuil 'MS',	nó 'in from other MS', nó 'imported', nó 'out to other MS', nó 'exported' le cur in ionad x
ina gciallaíonn R_x	aon cheann de na téarmaí sa suimiúchán ar an taobh deas den chothromóid i bhfoirmle 4
ina gciallaíonn R_x_b	meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i gcorp R_x
ina gciallaíonn R_x_c	meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i gcaipín/clár R_x
ina gciallaíonn R_x_l	meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i lipéad/clúdach R_x

7. W_x = W_x_b + W_x_c + W_x_l
I gcás:

ina bhfuil 'MS',	nó 'in from other MS', nó 'imported', nó 'out to other MS', nó 'exported' le cur in ionad x
ina gciallaíonn W_x	aon cheann de na téarmaí sa suimiúchán ar an taobh deas den chothromóid i bhfoirmle 5
ina gciallaíonn W_x_b	meáchan an phlaistigh a úsáidtear i gcorp W_x
ina gciallaíonn W_x_c	meáchan an phlaistigh a úsáidtear i gcaipín/clár W_x
ina gciallaíonn W_x_l	meáchan an phlaistigh a úsáidtear i lipéad/clúdach W_x

IARSCRÍBHINN II

AN FHORMÁID INA dTUAIRISCEOFAR NA SONRAÍ

1. **An fhormáid ina dtuairisceofar na sonraí arna ríomh trí bhíthin na modheolaíochta a leagtar amach in Airteagal 3**

Tábla 1

Meáchan an phlaistigh a úsáidtear i mbuidéil deochanna agus i mbuidéil PET a chuirtear ar an margadh arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 3 (i dtonaí)

	buidéil PET (C1)	buidéil deochanna seachas buidéil PET (C2)	buidéil deochanna (C1+C2)
TÍR:			
BLIAIN TAGARTHA:			
Meáchan an phlaistigh a úsáidtear i mbuidéil arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 3(1)			
Meáchan an phlaistigh a úsáidtear i mbuidéil a mhonaraítear agus a chuirtear ar an margadh sa Bhallstát (1)			
Coigeartú mheáchan an phlaistigh a úsáidtear i mbuidéil arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 3(2)			
Meáchan an phlaistigh a úsáidtear i mbuidéil a aistrítear ó Bhallstáit eile agus a chuirtear ar an margadh sa Bhallstát (2)			
Meáchan an phlaistigh a úsáidtear i mbuidéil a allmhairíodh agus a chuirtear ar an margadh (3)			
Meáchan an phlaistigh a úsáidtear i mbuidéil a aistríodh go Ballstáit eile tar éis dóibh a bheith curtha ar an margadh sa Bhallstát (4)			
Meáchan an phlaistigh a úsáidtear i mbuidéil a onnmhairíodh tar éis dóibh a bheith curtha ar an margadh sa Bhallstát (5)			
Meáchan an phlaistigh a úsáidtear i mbuidéil a chuirtear ar an margadh arna choigeartú (6)			

Nótaí:
Boscaí faoi scáthdhathú dorcha: Ar bhonn deonach a dhéantar an tuairisciú
(1) Arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 3(1). W_MS
(2) Arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 3(2). W_in from other MS
(3) Arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 3(2). W_imported
(4) Arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 3(2). W_out to other MS
(5) Arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 3(2). W_exported
(6) Arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 3(2). W

Chun comhlíonadh na spriocanna in Airteagal 6(5), pointe (a), de Threoir (AE) 2019/904 a léiriú agus chun na ceanglais maidir le tuairisciú a leagtar síos in Airteagal 13(1), pointe (e), de Threoir (AE) 2019/904 a chomhlíonadh, ní mór colún 1 (C1) a líonadh isteach. Chun comhlíonadh na spriocanna in Airteagal 6(5), pointe (b), de Threoir (AE) 2019/904 a léiriú agus chun na ceanglais maidir le tuairisciú a leagtar amach in Airteagal 13(1), pointe (e), de Threoir (AE) 2019/904 a chomhlíonadh, ní mór colúin 1 (C1) agus 2 (C2), nó colúin 1 (C1) agus 3 (C1+C2) a líonadh isteach. Is féidir an colún atá fágtha a líonadh isteach ar bhonn deonach.

2. **An fhormáid ina dtuairisceofar na sonraí arna ríomh trí bhíthin na modheolaíochta a leagtar amach in Airteagal 4**

Tábla 2

Meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil deochanna agus i mbuidéil PET a chuirtear ar an margadh arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4 (i dtonaí) agus cion an ábhair phlaistigh athchúrsáilte (i gcéatadán)

	buidéil PET (C1)	buidéil deochanna seachas buidéil PET (C2)	buidéil deochanna (C1+C2)
TÍR:			
BLIAIN TAGARTHA:			
Meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4(1)			
Meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil a mhonaraítear agus a chuirtear ar an margadh sa Bhallstát (1)			
Coigeartú mheáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4(2)			
Meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil a aistrítear ó Bhallstáit eile agus a chuirtear ar an margadh sa Bhallstát (2)			
Meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil a allmhairíodh agus a chuirtear ar an margadh (3)			
Meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil a aistríodh go Ballstáit eile tar éis dóibh a bheith curtha ar an margadh sa Bhallstát (4)			
Meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil a onnmhairíodh tar éis dóibh a bheith curtha ar an margadh sa Bhallstát (5)			
Meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil a chuirtear ar an margadh arna choigeartú (6)			
Cion an ábhair phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil, arna shloinneadh mar chéatadán (7)			

Nótaí:
Boscaí faoi scáthdhathú dorcha: Ar bhonn deonach a dhéantar an tuairisciú
(1) Arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4(1). R_MS
(2) Arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4(2). R_in from other MS
(3) Arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4(2). R_imported
(4) Arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4(2). R_out to other MS
(5) Arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4(2). R_exported
(6) Arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4(2). R
(7) Arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2. RC

Chun comhlíonadh na spriocanna in Airteagal 6(5), pointe (a), de Threoir (AE) 2019/904 a léiriú agus chun na ceanglais maidir le tuairisciú a leagtar síos in Airteagal 13(1), pointe (e), de Threoir (AE) 2019/904 a chomhlíonadh, ní mór colún 1 (C1) a líonadh isteach. Chun comhlíonadh na spriocanna in Airteagal 6(5), pointe (b), de Threoir (AE) 2019/904 a léiriú agus chun na ceanglais maidir le tuairisciú a leagtar amach in Airteagal 13(1), pointe (e), de Threoir (AE) 2019/904 a chomhlíonadh, ní mór colúin 1 (C1) agus 2 (C2), nó colúin 1 (C1) agus 3 (C1+C2) a líonadh isteach. Is féidir an colún atá fágtha a líonadh isteach ar bhonn deonach.

IARSCRÍBHINN III

AN FHORMÁID INA mBEIDH AN TUARASCÁIL MAIDIR LE SEICEÁIL CÁILÍOCHTA

1. **Faisnéis Ghinearálta**

1.1. Ballstát:	
1.2. An eagraíocht a chuireann isteach na sonraí agus an tuarascáil seiceála cáilíochta:	
1.3. Ainm an teagmhálaí:	
1.4. Seoladh ríomhphoist an teagmhálaí:	
1.5. Uimhir theileafóin an teagmhálaí:	
1.6. Bliain tagartha:	
1.7. Dáta/leagan seachadta:	
1.8. Nasc chuig foilsiú na sonraí a rinne an Ballstát (más ann dó)	

2. **Tuairisc ar na hinstitiúidí a bhfuil baint acu leis an mbailiú sonraí**

Ainm na hinstitiúide	Cur síos ar an ról agus ar na príomhfhreagrachtaí	An dáta a cuireadh isteach na sonraí	An tréimhse ama thagartha	Foinsí na sonraí (soiléirigh cion coibhneasta fhoriomlán na sonraí arna ndíorthú ó gach foinse agus áirigh naisc chuig gach tagairt, foilseachán etc.)

(Cuir rónna leis de réir mar is iomchuí)

3. **Tuairisc ar na modhanna a úsáidtear**

3.1. **Tuairisc ar raon feidhme ríomh an ábhair phlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil deochanna mar a thrasuitear é sa dlí náisiúnta**

Tuairisc ar an leibhéal ar a ríomhtar baint amach na spriocanna a leagtar síos in Airteagal 6(5) de Threoir (AE) 2019/904. Mar shampla, d'fhéadfadh na spriocanna a bheith sainordaitheach maidir le gach buidéal deochanna a chuirtear ar an margadh, nó mar mheán le haghaidh na mbuidéal deochanna a chuireann gach oibreoir eacnamaíoch ar an margadh, nó mar mheán le haghaidh na mbuidéal deochanna a chuirtear ar an margadh sa Bhallstát.

(Cuir rónna leis de réir mar is iomchuí)

3.2. **Na modheolaíochtaí chun sonraí a bhailiú agus a thiomsú**

Tuairisc ar na modheolaíochtaí a cuireadh i bhfeidhm chun na sonraí a bhailiú agus a thiomsú i gcás na n-uirlisí ar fad a úsáidtear chun sonraí a bhailiú.

(Cuir rónna leis de réir mar is iomchuí)

3.3. **Toimhdí breise**

Tuairisc ar aon toimhde bhreise nó ar aon toisc coigeartaithe breise a úsáideadh chun iad a ríomh, an cur chuige a úsáideadh chun iad a mheas agus aon fhianaise thacaíochta.

(Cuir rónna leis de réir mar is iomchuí)

4. **Córas fíorúcháin agus rialaithe sonraí**

4.1. **Sonraí faoi bhuidéil deochanna agus buidéil PET a fhíorú**

Nósanna imeachta um fhíorú agus rialú	Curtha i bhfeidhm maidir le sonraí faoi bhuidéil PET a chuirtear ar an margadh (curtha/níor cuireadh)	Curtha i bhfeidhm maidir le buidéil deochanna a chuirtear ar an margadh seachas buidéil PET (curtha/níor cuireadh)	Nótaí tráchta breise, más ábhartha
Seiceálacha ar iomláine na sonraí			
Tras-seiceálacha			
Seiceálacha i dtaca le hamshraith			
Seiceálacha iniúchóireachta			
Eile (sonraigh)			

4.2. **Sonraí faoin ábhar plaisteach athchúrsáilte i mbuidéil deochanna agus i mbuidéil PET a fhíorú**

Tuairisc ar an modheolaíocht a úsáideadh chun an cháilíocht a dhearbhú agus chun na sonraí faoin ábhar plaisteach athchúrsáilte i mbuidéil deochanna agus i mbuidéil PET a fhíorú.

(Cuir rónna leis de réir mar is iomchuí)

4.3. **Tuairisc ar na príomhthosca a dhéanann difear do chruinneas na sonraí a thuairiscítear faoi bhuidéil deochanna agus buidéil PET a chuirtear ar an margadh agus faoin bplaisteach athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil deochanna agus i mbuidéil PET a chuirtear ar an margadh**

Imthosca a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'iontaofacht na sonraí	Buidéil PET a chuirtear ar an margadh (d'fhéadfadh/ní fhéadfadh)	Buidéil deochanna a chuirtear ar an margadh seachas buidéil PET (d'fhéadfadh/ní fhéadfadh)	Plaisteach athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil PET a chuirtear ar an margadh (d'fhéadfadh/ní fhéadfadh)	Plaisteach athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil deochanna a chuirtear ar an margadh seachas buidéil PET (d'fhéadfadh/ní fhéadfadh)	Tuairisc ar an gcaoi a ndéantar difear do chruinneas na sonraí	Tuairisc ar na modheolaíochtaí a cuireadh i bhfeidhm chun tionchar sonraí míchruinne a íoslaghdú
Earráidí sa tsampláil ([1]) (e.g. comhéifeachtaí éagsúlachta)						
Earráidí sa chumhdach ([2]) (e.g. rialacha de minimis, an cumhdach réigiúnach)						
Earráidí tomhais ([3]) (e.g. aonad tomhais)						

Ionstraimí tástála an bhailithe sonraí ([4]) (e.g. tástáil na gceistneoirí)						
Earráidí sa phróiseáil ([5]) (e.g. sainaithint earráidí, ceartú earráidí)						
Earráidí ó neamhfhreagairt ([6])						
Earráidí toimhdean na samhla ([7])						
Eile (sonraigh)						

([1]) Tabhair tuairisc ar an meastachán ar na comhéifeachtaí athrúcháin agus ar na modheolaíochtaí a cuireadh i bhfeidhm chun meastachán a dhéanamh ar an athrúchán.
([2]) Tabhair tuairisc ar chineál na n-earráidí cumhdaigh agus ar a méid.
([3]) Tabhair tuairisc ar na hionstraimí lena laghdaítear rioscaí féideartha agus lena seachadtar earráidí.
([4]) Tabhair tuairisc ar na hionstraimí agus ar na modheolaíochtaí a chuirtear i bhfeidhm i dtaca le slándáil na n-ionstraimí cáilíochta agus na n-ionstraimí bailithe sonraí ábhartha.
([5]) Tabhair tuairisc ar na céimeanna próiseála idir an bailiú sonraí agus soláthar staidrimh agus liostaigh aon earráidí próiseála a sainaithníodh agus méid na n-earráidí sin.
([6]) Tabhair tuairisc ar na rátaí neamhfhreagartha aonaid agus ar na rátaí neamhfhreagartha ítime i dtaca leis na príomhathróga agus na modhanna barúlacha (más ann dóibh).
([7]) Tabhair tuairisc ar chineál agus ar mhéid earráidí toimhdean na samhla.

4.4. **Míniú ar raon feidhme agus bailíocht na suirbhéanna chun sonraí a bhailiú maidir le buidéil deochanna agus buidéil PET a chuirtear ar an margadh agus maidir le plaisteach athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil deochanna agus i mbuidéil PET a chuirtear ar an margadh**

(Cuir rónna leis de réir mar is iomchuí)

4.5. **Difríochtaí sna sonraí a tuairiscíodh le haghaidh na mblianta tagartha atá imithe**

Athruithe móra modheolaíochta i dtaca leis an modh ríofa a úsáideadh le haghaidh na bliana reatha i ndáil leis an modh ríofa a úsáideadh le haghaidh blianta tagartha roimhe sin, más ann dóibh (go háirithe athbhreithnithe cúlghabhálacha, cineál na n-athbhreithnithe sin agus tásc lena léirítear an gá neamhleanúnachas sa tsraith a lua le haghaidh bliain áirithe)

(Cuir rónna leis de réir mar is iomchuí)

4.6. **Míniú ar an difríocht sa tonnáiste**

Ní mór an roinn seo a líonadh isteach má léiríonn na sonraí tuairiscithe éagsúlacht is mó ná 10 % i dtaca leis na sonraí a cuireadh isteach le haghaidh na bliana tagartha roimhe sin.

Na cúiseanna leis an difríocht nó an bhunchúis leis na difríochtaí i meáchan buidéal deochanna nó buidéal PET a chuirtear ar an margadh nó i meáchan plaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil deochanna nó i mbuidéil PET a chuirtear ar an margadh.

Éagsúlachtaí i meáchan buidéal deochanna nó buidéal PET a chuirtear ar an margadh	Athrúchán (%)	An phríomhchúis leis an athrúchán

(Cuir rónna leis de réir mar is iomchuí)

Éagsúlachtaí i meáchan an phlaistigh athchúrsáilte a úsáidtear i mbuidéil deochanna nó i mbuidéil PET a chuirtear ar an margadh	Athrúchán (%)	An phríomhchúis leis an athrúchán

(Cuir rónna leis de réir mar is iomchuí)

5. **Rúndacht**

Cúiseanna leis an iarraidh gan na sonraí tuairiscithe nó faisnéis áirithe a sholáthraítear sa tuarascáil sin a fhoilsiú, mar aon le liosta na gcodanna sonracha a iarradh gan iad a fhoilsiú.

(Cuir rónna leis de réir mar is iomchuí)